Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11142/1/23**
**REV 1**

**ECOFIN 667**
**UEM 201**
**SOC 493**
**EMPL 344**
**COMPET 688**
**ENV 767**
**EDUC 280**
**RECH 312**
**ENER 403**
**JAI 913**
**GENDER 144**
**ANTIDISCRIM 138**
**JEUN 182**
**SAN 419**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11142/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 612 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na hIodáile um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hIodáile 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 612 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na hIodáile um Athchóiriú don bhliain 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hIodáile don bhliain 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

---

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh inar shainaithin sé go bhfuil an Iodáil ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An 14 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach 2023 na hIodáile. An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

[4] Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh Ré na Glan-nialasachta' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós bunriachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

5 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 (‘teachtaireacht an 8 Márta 2023’). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D’éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d’áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 30 Aibreán 2021, chuir an Iodáil a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme uaithi maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an Iodáil. Glactar leis, trí na garspriocanna agus na spriocanna sin a bheith comhlíonta go sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(10) An 2 Bealtaine 2023, chuir an Iodáil a Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú agus a Clár Cobhsaíochta 2023 isteach, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile chun na naisc eatarthu a chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na hIodáile maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

6 10160/21 INIT; 10160/21 ADD 1; 10160/21 ADD 1 REV 1; 10160/21 ADD 1 REV 2; 10160/21 ADD 1 REV 2 COR 1.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Iodáil. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na hIodáile ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na hIodáile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an Iodáil agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha san Iodáil. Go háirithe, cé go bhfuil roinnt feabhsuithe ann, tá leochaileachtaí fós ann a bhaineann le fiachas ard rialtais agus fás lag táirgiúlachta, i gcomhthéacs leochaileachtaí i margadh an tsaothair agus roinnt laigí i margaí airgeadais, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo. Tá leochaileachtaí seanbhunaithe na hIodáile imithe i léig le blianta beaga anuas, ach tá siad fós suntasach agus níltear ag súil go dtiocfaidh deireadh leo go tapa. Is príomhthoisc é fás seasmhach íseal na táirgiúlachta i dtaca le fás lag fadtréimhseach eacnamaíoch na hIodáile, rud a chuireann moill ar fhiachas an rialtais a dhíghiaráil, a thagann salach ar dheiseanna fostaíochta, agus a bhfuil tionchar aige ar chláir chomhardaithe na mbanc. Tháinig laghdú breise ar chóimheas fiachais an rialtais in 2022 i gcomhthráth leis an téarnamh eacnamaíoch. Mar sin féin, tá sé fós ard agus is dúshlán mór é maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach. Tuartar go dtiocfaidh laghdú breise ar chóimheas an fhiachais phoiblí faoi 2024 ach go dtiocfaidh méadú air sa mheántéarma in éagmais bearta comhdhlúthaithe. Tá bearta breise curtha chun feidhme ag an rialtas chun tacú le hathléimneacht na hearnála airgeadais agus tá laghdú mór tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, ach tá na bainc fós an-neamhchosanta ar an bhflaitheas. Tá roinnt dul chun cinn déanta le beartais chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí, ach tá údar le hiarrachtaí leanúnacha agus is é cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta an phríomhthosaíocht bheartais toisc go n-áirítear athchóirithe cuimsitheacha agus infheistíochtaí suntasacha leis. Chun an t-ardfhiachas rialtais a ísliú go daingean, i gcomhthéacs costais seirbhísithe fiachais a bheith ag ardú agus costais a bhaineann le haois a ardú, tá gá le cur chuige ilghnéitheach a bheidh ag brath ar bheartais fhioscacha stuama a mbeidh barrachas príomhúil leordhóthanach acu, infheistíochtaí agus athchóirithe lena gcuirfear leis an bhfás, comhlíonadh cánach níos fearr chomh maith le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní náisiúnta agus acmhainní an Aontais. Na dúshláin atá roimh an Iodáil, chomh maith le cur chun feidhme láidir leanúnach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, thairbheoidís d'iarrachtaí beartais breise, go háirithe i réimsí an chánachais, an chreata fhioscaigh agus na gcóras pinsean agus i réimsí na déimeagrafaíochta, an mhargaidh saothair agus an fhuinnimh chomh maith.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hIodáile ó 9.0 % de OTI in 2021 go 8.0 % in 2022, agus thit an t-ollfhiachas rialtais ó 149.9 % de OTI ag deireadh 2021 go 144.4 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Sa tuarascáil sin, pléadh staid bhuiséadach na hIodáile, ós rud é gur sháraigh a heasnamh ginearálta rialtais in 2022 luach tagartha 3 % an Chonartha maidir le OTI, agus gur sháraigh a fiachas ginearálta rialtais an 60 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI agus nár urramaigh sé an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh na critéir easnaimh agus fiachais. I gcomhréir lena theachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Ina dhiaidh sin, luaigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Iodáil é sin a chur san áireamh i bhfeidhmiú bhuiséad 2023 na hIodáile agus a dréachtphlean buiséadach do 2024 á ullmhú aici.

(14) Bhí tionchar ag an láimhseáil staidrimh nua ar roinnt creidmheasanna cánach athchóirithe tithíochta ar chothromaíocht an rialtais ghinearálta, thaifeadfar feasta mar aistrithe caipitil agus a fabhraíodh den chuid is mó go 2021-2022[7]. Bhí tionchar freisin ag na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú. In 2022, ar na bearta beartais fhioscaigh lena laghdaítear ioncam, bhí bearta chun rialú a dhéanamh ar mhuirir ghinearálta chórais in earnáil an leictreachais agus in earnáil an gháis, laghdú ar an ráta CBL ar ghás, laghdú ar dhleachtanna máil ar phraghsanna breosla, laghdú ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta d’oibrithe faoi thairseach áirithe ioncaim, agus maidir le bearta beartais fhioscaigh lena méadaítear caiteachas bhí fóirdheontais do chuideachtaí leictreachais agus gáis, méadú ar an ‘bónas sóisialta’ le haghaidh billí leictreachais agus gáis do theaghlaigh ar ioncam íseal, liúntais de réir tástáil acmhainne d’oibrithe, pinsinéirí agus daoine dífhostaithe agus méadú 2 % ar phinsin seanaoise i mí Dheireadh Fómhair 2022, roimh an innéacsú reachtúil a bhaineann le boilsciú, rud atá dlite de ghnáth in 2023. Frithchúitíodh costas na mbeart sin go páirteach le cánacha nua ar bhrabúis amhantair de chuid táirgeoirí agus soláthróirí fuinnimh agus le hioncaim ón sásra frithháirimh ar phraghas an leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó chur i bhfeidhm sásra cúitimh in earnáil an leictreachais, a mheastar a chuireann chun feidhme Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle[8] maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 2.5 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, costas a mheastar a bheith ina 0.1 % de OTI in 2022, sin rud eile a d’imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, thit costas measta bhearta éigeandála sealadacha a bhain le COVID-19 go 1.1 % de OTI in 2022, ó 3.4 % in 2021, de réir mar a chuir an rialtas deireadh de réir a chéile le formhór na mbeart a glacadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19.

---

[7] Thug an chóir staidrimh nua le tuiscint go ndéanfaí athbhreithniú aníos 1.8 pointe céatadáin de OTI ar an easnamh in 2021. In 2022, meastar go raibh easnamh méadaithe 2.6 pointe céatadáin de OTI ag na creidmheasanna cánach a bhaineann leis an láimhseáil staidrimh nua.

[8] Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh (IO L 261 I, 7.10.2022, lch. 1).

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle don Iodáil[9] an tSaoráid a úsáid in 2022 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh agus beartas fioscach stuama á shaothrú aici ag an am céanna. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Iodáil infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú. Mhol an Chomhairle don Iodáil freisin teorainn a chur le fás an chaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[10] in 2022 tacúil – arbh ionann í agus -3.2 % de OTI. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Iodáil de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí arna maoiniú tríd an tSaoráid. 0.9 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais (0.4 % de OTI a bhí ann in 2021). Chuir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú neodrach leis an staid fhioscach ar fáil[11]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an Iodáil an infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, sholáthair an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) ranníocaíocht fhorleathnaitheach de 2.4 pointe céatadáin don staid fhioscach. Áiríodh leis an rannchuidiú suntasach forleathnaitheach sin tionchar breise na mbeart beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (glanchostas buiséadach breise de 2.2 % de OTI) a mhaolú, chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.1 % de OTI). Dá bhrí sin, choinnigh an Iodáil smacht leordhóthanach ar an bhfás ar chaiteachas reatha maoinithe náisiúnta.

---

9 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hIodáile 2021, (IO C 304, 29.7.2021, lch. 53).

10 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

11 Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go soláthrófar rannchuidiú forleathnaitheach 0.3 pointe céatadáin de OTI. Is é is cúis leis sin an méadú ar chaiteachas a bhaineann le creidmheasanna cánach le haghaidh oibreacha athchóirithe foirgneamh, rud a thaifeadtar mar aistriú caipitil.

(17) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha sa i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh 2023 agus 2024 araon. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 1.0 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 1.5 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún fíorfhás OTI beagán níos airde de 1.2 % in 2023 agus beagán níos ísle, ag 1.1 %, in 2024, go príomha mar gheall ar ranníocaíocht níos lú infheistíochta, a bhfuil sé beartaithe ag an rialtas méadú 3.4 % bliain ar bhliain a dhéanamh air agus tá sé tuartha ag an gCoimisiún go dtiocfaidh fás 1.4 % air.

(18) Ina Chlár Cobhsaíochta 2023, measann an rialtas go laghdófar an t-easnamh ginearálta rialtais go 4.5 % de OTI in 2023. Is léiriú é an laghdú in 2023 den chuid is mó ar an laghdú ar aistrithe caipitil a bhaineann le creidmheasanna cánach a thacaíonn le hinfheistíocht phríobháideach in éifeachtúlacht tithíochta, laghdú ar chúiteamh d'fhostaithe mar gheall ar athnuachan chúlghabhálach conarthaí poiblí le haghaidh na tréimhse 2019-2021, ar taifeadadh cuid shuntasach de na riaráistí ina leith in 2022, laghdú ar fhóirdheontais ar tháirgeadh i gcomhar le creidmheasanna cánach níos ísle do chuideachtaí leictreachais agus gáis agus caiteachas úis níos ísle a mhínítear go príomha le torthaí níos ísle ar bhannaí rialtais atá innéacsaithe le boilsciú. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ó 144.4 % ag deireadh 2022 go 142.1 % ag deireadh 2023. Tá sé tuartha ag an gCoimisiún i réamhaisnéis an earraigh 2023 go mbeidh easnamh rialtais 4.5 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin ag teacht leis an easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachas rialtais le OTI níos ísle, is é sin 140.4 % ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht sin fás ainmniúil níos airde ar OTI i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún.

(19) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh ama leo ó bhí 2022 ann, go háirithe na nithe seo a leanas: fóirdheontais do chuideachtaí leictreachais agus gáis, bearta chun muirir ghinearálta chórais in earnáil an gháis a rialú, an ráta CBL ar ghás a laghdú agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta d'oibrithe faoi thairseach ioncaim áirithe a laghdú, chomh maith le bearta nua mar shampla bónas téimh do gach teaghlach don tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2023. Leanfar de bheith ag frithháireamh chostas na mbeart sin go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair táirgeoirí agus soláthróirí fuinnimh. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, tuartar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 1.0 % de OTI in 2023[12]. Tá formhór na mbeart in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, cé nach gcaomhnaíonn an chuid is mó de na bearta tacaíochta fuinnimh an comhartha praghais chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0.7 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[13] (i gcomparáid le 1.2 % de OTI in 2022). Ar deireadh, deireadh iomlán a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 1.1 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

12 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le bearta caiteachais chaipitil, i gcás inarb ábhartha.

13 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta um Athchóiriú na hIodáile agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hIodáile 2022, (IO C 334, 1.9.2022, lch. 96).

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Iodáil beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh[14], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag tráth céanna, ba cheart don Iodáil a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Iodáil freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

[14] Bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar go mbeidh fás aschuir ionchasach meántéarmach (meán 10 mbliana) na hIodáile ag 6.4 % i dtéarmaí ainmniúla.

(21) In 2023, tá sé tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach á crapadh (+2.6 % de OTI) i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheith ann in 2022 (-3.2 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú craptha dar luach 0.9 % de OTI leis an staid fhioscach. Dá bhrí sin, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Ó thaobh substainte de, is é is cúis le ranníocaíocht chrapthach réamh-mheasta an chaiteachais phríomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta costais laghdaithe (faoi 1.5 pointe céatadáin de OTI) na mbeart tacaíochta (spriocdhírithe agus neamhdhírithe) do theaghlaigh agus do ghnólachtaí mar fhreagairt ar ardú praghsanna fuinnimh. Is iad na príomhchúiseanna leis an bhfás i gcaiteachas príomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) an méadú ar chaiteachas pinsin mar gheall ar an innéacsú páirteach a rinneadh ar bhoilsciú na bliana roimhe sin[15] agus na ciorruithe breise a glacadh le déanaí ar an ding chánach saothair le haghaidh saothraithe ísealioncaim agus meánioncaim. Meastar gur 1.4 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0.1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[16]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an Iodáil infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aige infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh slándáil fuinnimh, mar shampla infheistíochtaí sa ghréasán iarnróid, fuinneamh in-athnuaite, hidrigin, eangacha leictreachais agus soghluaisteacht inbhuanaithe, cosaint acmhainní talún agus uisce chomh maith le hinfheistíochtaí a bhaineann leis an néalbhonneagar don riarachán poiblí, a chistítear go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais. I bhfianaise na dtuilte tubaisteacha a bhuail an Iodáil i mí na Bealtaine 2023, cuirfear costas na tacaíochta éigeandála dírí a bhaineann leis na tuilte sin san áireamh i measúnuithe comhlíonta ina dhiaidh sin agus measfar, i bprionsabal, gur bearta aonuaire agus sealadacha iad[17].

15 Foráiltear le Dlí Uimh. 197/2022 go ndéanfar athbhreithniú páirteach ar an sásra innéacsaithe do phinsin a eisíodh thar an tréimhse 2023-24 a chuir teorainn le tionchar an bhoilscithe ar réamh-mheastacháin bhuiséadacha.

16 Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go soláthrófar rannchuidiú crapthach 2.3 pointe céatadáin de OTI. Is é is cúis leis sin an laghdú a bhfuil coinne leis ar chaiteachas le haghaidh creidmheasanna cánach le haghaidh oibreacha athchóirithe foirgneamh.

17 Féach an sainmhíniú ar bheart aonuaire i dTuarascáil 2015 ar an Airgeadas Poiblí san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ón gCoimisiún Eorpach.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh an easnamh ginearálta rialtais de réir a chéile go 3.7 % de OTI in 2024. Den chuid is mó léiríonn an laghdú in 2024 laghdú ar chaiteachas do thomhaltas idirmheánach agus do chreidmheasanna cánach do chuideachtaí leictreachais agus gáis. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú go 141.4 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 3.7 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, cé nach n-áirítear i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún bearta beartaithe chun easnaimh a mhéadú ar 0.2 % de OTI iad agus nach bhfuil na sonraí ina leith ar eolas go fóill. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachais rialtais–OTI rialtais 140.3 % níos lú ann ag deireadh 2024. Is é is cúis leis an difríocht sin fás ainmniúil níos airde ar OTI i réamhaisnéis an Choimisiúin.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh ar fad in 2024. Glacann an Coimisiún leis freisin go ndéanfar bearta tacaíochta fuinnimh a chéimniú amach go hiomlán in 2024. Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) Le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 éilítear go ndéanfaí feabhas bliantúil ar an gcomhardú struchtúrach i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, le 0.5 % de OTI mar thagarmharc[18]. Agus aird á tabhairt ar bhreithnithe inbhuanaitheachta fioscaí agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú faoi bhun luacha tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, bheadh sé iomchuí feabhas de 0.7 % de OTI ar a laghad do 2024 a chur ar an gcomhardú struchtúrach, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 1.3 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 1.0 % de OTI in 2023 iad) de réir a chéile, má cheadaítear sin leis na forbairtí sa mhargadh fuinnimh agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh, agus ba cheart an coigilteas gaolmhar a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. De réir mheastacháin an Choimisiúin, bheadh fás níos ísle ar ghlanchaiteachas príomhúil ná mar a moladh do 2024 mar thoradh air sin.

(25) Má ghlactar leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún réamh-mheastar maidir le glanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta go bhfásfaidh sé 0.8 % in 2024, ráta atá faoi bhun an ráta fáis a mholtar. I bhfianaise na dtuilte tubaisteacha a bhuail an Iodáil i mí na Bealtaine 2023, cuirfear costas na tacaíochta éigeandála dírí a bhaineann leis na tuilte sin san áireamh i measúnuithe comhlíonta ina dhiaidh sin agus measfar, i bprionsabal, gur bearta aonuaire agus sealadacha iad.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go méadóidh infheistíocht phoiblí ó 3.3 % de OTI in 2023 go 3.8 % de OTI in 2024. An infheistíocht níos airde, is léiriú í ar leibhéal níos airde infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus infheistíochta a mhaoiníonn an tAontas, lena n-áirítear tríd an tSaoráid. Tagraíonn Clár Cobhsaíochta 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin athchóiriú ar an gcód soláthair, atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus den chóras cánach a áirítear i ndlí cumasúcháin mhí an Mhárta 2023 freisin ('an dlí cumasúcháin maidir le hathchóiriú cánach').

---

18 Le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ceanglaítear freisin coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta go 3.0 % de OTI in 2025 agus go 2.5 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe nach rachaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta thar 3 % de OTI ó 2025. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 141.4 % ag deireadh 2024 go 140.4 % faoi dheireadh 2026.

(28) D'fhan ding chánach na hIodáile ar shaothar ard ar gach leibhéal ioncaim i gcomparáid le Ballstáit eile, in ainneoin an laghdaithe ar chánacha ioncaim phearsanta a cuireadh chun feidhme in 2022. Ina theannta sin, an córas ráta comhréidh a leathnú chun daoine féinfhostaithe a chumhdach, is ábhar imní é sin maidir le cothromas agus éifeachtúlacht an chórais cánach. An córas nua ar ráta comhréidh atá á thabhairt isteach maidir le méaduithe tuillimh do 2023, chuir sé sin leis an gcastacht freisin. I mí an Mhárta 2023, ghlac an rialtas dlí cumasúcháin nua le haghaidh athchóiriú ginearálta ar an gcóras cánach ('an dlí cumasúcháin maidir le hathchóiriú cánach'). Tá coinne leis go rachaidh sé i ngleic le roinnt laigí seanbhunaithe, lena n-áirítear trí chánacha ar shaothar a laghdú agus trí chaiteachas cánach agus cánacha corparáideacha a réasúnú agus a chuíchóiriú. Agus an t-athchóiriú sin á chur chun feidhme, tá sé ríthábhachtach dul chun cinn an chórais chánach a chaomhnú, castacht a laghdú, dreasachtaí chun oibre a mhéadú, comhlíonadh cánach a neartú agus neodracht bhuiséadach a áirithiú. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfadh sé go méadófaí ioncaim ó fhoinsí eile nach bhfuil chomh díobhálach céanna don fhás, mar shampla maoin, CBL agus údarú chun sócmhainní cósta atá faoi úinéireacht an stáit a úsáid, chun an t-ualach cánach ar shaothar a laghdú ar bhealach atá neodrach ó thaobh buiséid de. Tá deis ann freisin feabhas a chur ar dhearadh cánacha comhshaoil, cánacha nach gcuireann an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí níos glaine chun cinn go leordhóthanach, d'ainneoin ioncaim réasúnta ard, agus mar gheall ar úsáid fhorleathan fóirdheontas atá díobhálach don chomhshaol. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar dhúshlán seanbhunaithe nach n-áirítear sa dlí cumasúcháin maidir le hathchóiriú cánach, mar atá na luachanna cadastracha atá as dáta den chuid is mó, a fheidhmíonn mar bhonn chun cáin mhaoine a ríomh.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile faoi lán seoil, cé go bhfuil an baol go mbeidh moilleanna ag dul i méid. Chuir an Iodáil trí iarraidh ar íocaíocht isteach, a chomhfhreagraíonn do 151 gharsprioc agus sprioc sa phlean agus a raibh eisíocaíocht fhoriomlán EUR 42 bhilliún mar thoradh orthu (tagraíonn an méid don chéad dá iarraidh ar íocaíocht, agus measúnú á dhéanamh ar an tríú ceann). Tá sé bunriachtanach leanúint ar aghaidh go pras le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le caibidlíocht an leasaithe air mar gheall ar chineál sealadach na Saoráide a bhí i bhfeidhm go dtí 2026. Tá sé tábhachtach go neartódh an Iodáil an cumas riaracháin, go háirithe ar an leibhéal fonáisiúnta, chun leanúint de ghealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh, agus tá creat rialachais éifeachtach agus lánoibríochtúil ríthábhachtach i gcónaí chun an plean sin a chur chun feidhme go rianúil agus go tráthúil. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí moilleanna agus saincheisteanna cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint go luath agus gníomhaíocht thráthúil a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu. I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Márta 2023, chuir an Iodáil in iúl go raibh sé ar intinn aici tacaíocht iasachta bhreise a iarraidh faoin tSaoráid. Tá an chaibidlíocht ar an aguisín agus ar chaibidil REPowerEU fós ar siúl, cé nár chuir an Iodáil aon togra oifigiúil isteach. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na hIodáile i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(30) D'fhormheas an Coimisiún an chuid is mó de dhoiciméid chlársceidealaithe na hIodáile maidir le beartas comhtháthaithe in 2022 agus ceann eile in 2023. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin san Iodáil.

(31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an Iodáil a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh agus leis an aistriú glas, go háirithe maidir le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, tarchur gáis, éifeachtúlacht fuinnimh, soláthar agus sealbhú scileanna glasa agus soghluaisteachta inbhuanaithe.

(32) Tháinig fás an-mhall ar an acmhainneacht in-athnuaite le bliain anuas, agus tá sciar na mbreoslaí iontaise sa mheascán fuinnimh fós suntasach. Chun dlús a chur le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ghlac an Iodáil roinnt leasuithe ar an gcreat atá ann cheana lena rialaítear an próiseas ceadaithe agus údaraithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun comhleanúnachas a áirithiú idir an creat riaracháin agus reachtach ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta araon agus a n-ábharthacht do theicneolaíocht fuinnimh úrscothach. Mar shampla, d'fhéadfaí na noirm ghaolmhara uile a chomhdhlúthú i dtéacs uathúil (*Testo unico*); an tráth céanna, ní mór na treoirlínte a leanann údaráis fhonáisiúnta chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail a thabhairt cothrom le dáta. Ar deireadh, tá gá le tuilleadh infheistíochtaí chun an eangach náisiúnta a uasghrádú agus chun idirnaisc a thógáil idir an mhórthír, an tSicil agus an tSairdín chun gur níos airde a bheidh an acmhainneacht ghiniúna a bhfuil coinne léi agus chun an méadú gaolmhar ar aschur in-athnuaite a ionsú.

(33) Tá scrogaill sa ghréasán gáis fós. Tá infheistíochtaí á bplé ag an Iodáil le comhpháirtithe san Afraic Thuaidh chun acmhainn allmhairithe na bpíblínte agus na n-idirnascairí gáis atá ann cheana a mhéadú. Chabhródh sé sin le hallmhairí a éagsúlú agus, dá bhrí sin, slándáil an tsoláthair a neartú. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh infheistíochtaí chun deireadh a chur le baic sa ghréasán intíre atá ann cheana, rud nach bhfuil an acmhainneacht tarchurtha aige chun iontógáil nua gáis a dháileadh ón deisceart go tuaisceart na tíre. Ní mór an infheistíocht i mbonneagar na mbreoslaí iontaise a theorannú don fhíorghá agus ní mór í a dhearadh le bheith slán i bhfad na haimsire, chun gaibhniú i dteicneolaíochtaí nach bhfuil comhsheasmhach leis na cuspóirí aeráide a sheachaint nó chun costas an aistrithe fuinnimh a mhéadú.

(34) Tháinig laghdú 19 % ar thomhaltas gáis nádúrtha san Iodáil sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, rud atá thar an sprioc laghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[19]. D’fhéadfadh an Iodáil leanúint d’iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[20]. Ní mór díriú ar bhearta chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú. Tá acmhainneacht shuntasach éifeachtúlachta fuinnimh ag stoc foirgneamh na hIodáile, go háirithe maidir leis an sciar mór d’fhoirgnimh atá dian ar fhuinneamh. D’fhéadfaí na bearta atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlánú le bearta mar shampla scéimeanna dreasachta spriocdhírithe chun éifeachtúlacht fuinnimh sna foirgnimh is neamhfheidhmiúla a mhéadú, lena n-áirítear foirgnimh thráchtála agus tithíocht phoiblí, agus a áirithiú an tráth céanna go mbainfidh teaghlaigh leochaileacha tairbhe as na bearta sin agus go seachnófar éifeachtaí cúlchéimnitheacha. Rachadh na bearta sin chun tairbhe go háirithe d’fhiontair bheaga, mheánmhéide agus micrifhiontair nach mbíonn an acmhainneacht theicniúil agus airgeadais acu go minic chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Chuideodh na bearta céanna freisin le bochtaineacht fuinnimh a laghdú, rud a d’fhéadfaí dul i ngleic léi le bearta eile, mar shampla trí ionaid ilfhreastail a sholáthraíonn seirbhísí pearsantaithe le haghaidh coigilteas fuinnimh. Ina theannta sin, thairbheodh gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh de mhéadú ar fhaireachas margaidh ar éicidhearthóireacht agus ar lipéadú fuinnimh.

---

19 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

20 Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(35) Tá bearnaí sa bhonneagar agus fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol, lena n-áirítear iompar de bhóthar, suntasach i gcónaí agus déanann siad an t-aistriú i dtreo réitigh iompair níos inbhuanaithe a dhíspreagadh. Mar shampla, tá an meánlíon asraonta luchtaithe fós faoi bhun mheán an Aontais. Áirítear i bhfóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol cánachas ar ráta comhréidh ar charranna cuideachta atá ar fáil d'úsáid phríobháideach agus aisíocaíocht dleachta máil ar dhíosal a úsáidtear i lasta. Tá sé ríthábhachtach leanúint de na hiarrachtaí stáisiúin luchtaithe a chur i bhfeidhm agus deireadh a chur leis na fóirdheontais sin chun an margadh d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha a chomhdhlúthú.

(36) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. San Iodáil, tá tionchar ag ganntanais ar ghairmeacha ardoilte agus ar ghairmeacha ar bheagán oiliúna araon atá ríthábhachtach don aistriú glas. An tráth céanna, is minic nach sroicheann tacaíocht oiliúna na hoibrithe is dóchúla a mbeidh tionchar ag an aistriú glas orthu. Tá an easpa scileanna don aistriú glas san earnáil phoiblí, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, ag cur bac ar infheistíochtaí glasa freisin. Tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha le sárú ag an Iodáil, rud a d'fhéadfadh dul in olcas mura mbeidh na margaí saothair áitiúla in ann na deiseanna a bhaineann leis an aistriú glas a thapú. Ina theannta sin, dá gcuirfí borradh faoi scileanna don aistriú glas, lena n-áirítear le haghaidh bainistiú inbhuanaithe ithreach, rud ríthábhachtach a bheadh ann chun éifeachtaí an athraithe aeráide a chomhrac, go háirithe tuilte géaraithe agus triomaigh mharthanacha.

(37) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[21] i moladh (1).

---

21 Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(38) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna le héifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí costéifeachtúil, sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na hIodáile, rannchuidíonn moltaí (1), (2), agus (3) le cur chun feidhme an chéad, an dara, an tríú agus an cheathrú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro.

(39) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a mheasúnaithe, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 agus ar an gClár Cobhsaíochta don bhliain 2023. Léirítear a cuid moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas rialtais agus le fás táirgiúlachta lag. Cuireann moladh (2) le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1). Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (1) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus ó thaobh na moltaí a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme, i gcomhréir le haithris 38,

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Iodáil gníomhaíocht in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 1.3 %[22] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Maidir leis an tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, in éineacht le hinfheistíochtaí agus athchóirithe a chuideoidh le táirgiúlacht fheabhsaithe agus fás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   Cánacha ar shaothar a laghdú a thuilleadh agus an córas cánach a dhéanamh níos éifeachtúla tríd an dlí cumasúcháin maidir le hathchóiriú cánach a ghlacadh agus a chur chun feidhme go cuí agus, ag an am céanna, dul chun cinn an chórais chánach a chaomhnú agus cothroime a fheabhsú, go háirithe trí chaiteachas cánach a chuíchóiriú agus a laghdú, lena n-áirítear CBL agus fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol, agus trí chastacht an chóid chánach a laghdú. Ailíniú na luachanna cadastracha le luachanna margaidh atá ann faoi láthair.

22 Meastar go gcomhfhreagraíonn sé sin d'fheabhas bliantúil de 0.7 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

2. Rialachas éifeachtach a áirithiú agus an acmhainneacht riaracháin a neartú, go háirithe ar an leibhéal fonáisiúnta, chun gur féidir leanúint den phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go mear agus go leanúnach. Bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d'fhonn tús a chur go tapa lena cur chun feidhme. Leanúint le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Cuíchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta ceadanna chun dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite bhreise agus chun idirnaisc leictreachais a fhorbairt chun é a ionsú. An acmhainneacht le haghaidh tarchur inmheánach gáis a mhéadú chun allmhairí fuinnimh a éagsúlú agus slándáil an tsoláthair a neartú. Éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú sna hearnálacha cónaithe agus corparáideacha, lena n-áirítear trí scéimeanna dreasachta níos spriocdhírithe, lena dtugtar aghaidh go háirithe ar na teaghlaigh is leochailí agus ar na foirgnimh is neamhfheidhmiúla. Soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fhóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a bhaint agus dlús a chur le tógáil na stáisiún luchtaithe ar bhonn céimneach. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*